Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Márta 2022
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0085(COD)**

**7474/22**
**ADD 3**

**CYBER 93**
**TELECOM 116**
**JAI 383**
**INST 89**
**INF 32**
**CSC 119**
**CSCI 39**
**DATAPROTECT 81**
**FIN 353**
**BUDGET 2**
**CODEC 349**
**IA 30**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 22 Márta 2022 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2022) 68 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leagtar síos bearta le haghaidh ardleibhéal cibearshlándála coiteann in institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2022) 68 final.

---

Faoi iamh: SWD(2022) 68 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 22.3.2022
SWD(2022) 68 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

**ACHOIMRE AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR**

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leagtar síos bearta le haghaidh ardleibhéal cibearshlándála coiteann in institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais**

{COM(2022) 122 final} - {SWD(2022) 67 final}

## 1. Réamhrá

In 2020, tháinig méadú ollmhór ar an líon teagmhas suntasach a dhéanann difear d'institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais, teagmhais a bhfuil gníomhaithe ardbhagartha seasmhaí freagrach astu. Léirítear é sin freisin i líon na n-íomhánna fóiréinseacha a ndearna CERT-EU anailís orthu in 2020, líon a bhí a thrí oiread níos mó i gcomparáid le 2019, agus bhí breis is a deich n-oiread níos mó teagmhas suntasach ó bhí 2018 ann.

Mar sin féin, i gcásanna áirithe tá éagothromaíochtaí móra i gcumais chibearshlándála agus i gcaiteachas slándála TF in institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais a fhágann go bhfuil réimse leathan leibhéal aibíochta cibearshlándála ann idir institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais. De bhreis air sin, léiríonn an anailís maidir le timpeallacht na mbagairtí agus na staitisticí maidir le teagmhais slándála TF go dtiocfaidh fás ar chibear-nochtadh institiúidí, chomhlachtaí agus ghníomhaireachtaí an Aontais.

## 2. Cuspóirí

Ar deireadh thiar, is é an toradh a bheidh ar na heasnaimh a sainaithníodh leibhéal neamh-leordhóthanach cibear-athléimneachta in institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais, acmhainní slándála TF ilroinnte agus seasaimh chibearshlándála TF neamhchothroma.

Bheadh sé d'aidhm ag gníomh reachtach bearta a fhoráil le haghaidh ardleibhéal cibearshlándála coiteann in institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais. Leis sin, bheifí in ann aibíocht chibearshlándála a choinneodh cos le luasghéarú an digitithe in institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais a chothú agus a neartú.

## 3. Bord Idirinstitiúideach um Chibearshlándáil agus creat cibearshlándála

Leis an togra le haghaidh Bord Idirinstitiúideach um Chibearshlándáil agus creat cibearshlándála tabharfar isteach bearta le haghaidh ardleibhéal cibearshlándála coiteann in institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais, rud a fhágfaidh go mbeifear in ann ailíniú a dhéanamh bunaithe ar chreat lena dtabharfar aghaidh ar chibearbhagairtí gach institiúid, comhlacht agus gníomhaireacht de chuid an Aontais, agus bunófar faireachán agus tuairisciú a dhéanfar do Bhord Idirinstitiúideach um Chibearshlándáil.

Leis an togra, nuachóirítear misean agus cúraimí CERT-EU i bhfianaise digitiú athraithe agus méadaithe na n-institiúidí, na gcomhlachtaí agus na ngníomhaireachtaí de chuid an Aontais le blianta beaga anuas agus i bhfianaise na timpeallachta bagartha cibearshlándála atá i mbun forbartha.

Níl aon tionchar díreach ná impleachtaí buiséadacha ann do na Ballstáit ná do shaoránaigh an Aontais.

Is é Airteagal 298 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ('CFAE') an foras dlíthiúil leis an Rialachán seo lena bhforáiltear go mbeidh de thacaíocht ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais, agus a gcúraimí á gcomhall acu, riarachán Eorpach oscailte, éifeachtach agus neamhspleách.

Leis an togra seo, cuirtear le Straitéis an Aontais Eorpaigh um an Aontas Slándála (COM(2020) 605 final) agus le Straitéis Chibearshlándála an Aontais don Deacáid Dhigiteach (JOIN(2020) 18 final).

## 4. Conclúid

Le Bord Idirinstitiúideach um Chibearshlándáil agus creat cibearshlándála, bainfear amach formhór na gcuspóirí atá beartaithe ar bhealach atá sách éifeachtach, éifeachtúil agus comhleanúnach le beartais eile de chuid an Aontais agus ar bhealach a bhfuil an tacaíocht is mó aige ó pháirtithe leasmhara. Is é an rogha is inmharthana an réiteach sin a roghnaíodh i bhfianaise na dteorainneacha dlíthiúla atá i réim agus ní hé 'an ceap a dhéanann gach uile bróg' an cur chuige is fearr ach oiread chun dul i ngleic leis an aibíocht ilchineálach atá in institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais i láthair na huaire agus leis na héagothromaíochtaí i dtéarmaí rioscaí teicneolaíochta agus na castachta teicneolaíochta atá rompu.